An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

## Ráiteas Straitéise 2021-2023



enterprise.gov.ie

*“Beidh Éire ar an áit is fearr le bheith rathúil sa ghnó ar fud gach réigiúin sa tír, ina mbeidh fiontair bhríomhara, níos mó fostaíocht ardchaighdeáin, trádáil atá ag méadú, áiteanna oibre cothroma agus táirgiúlacht níos airde.”*




*Sonraí eagarthóireachta don íomhá: Ors Mate / Shutterstock.com*

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **Brollach** | 4 |
| **Fís, Misean & Luachanna** | 5 |
| **Réamhrá** | 6 |
| **Treoirphrionsabail** | 7 |
| **Na Cuspóirí Straitéiseacha atá againn** | 8 |
| Cuspóir 1 | 9 |
| Cuspóir 2 | 10 |
| Cuspóir 3 | 11 |
| Cuspóir 4 | 12 |
| Cuspóir 5 | 13 |
| Cuspóir 6 | 14 |
| **Rath a Thomhas agus an Straitéis seo a Chur i bhFeidhm** | 15 |

# Brollach



**Leo Varadkar T.D.,**
*Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta*

Scríobhadh an Ráiteas Straitéise seo mar thoradh ar chomhairliúchán forleathan agus is é an clár don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le haghaidh na tréimhse idir 2021 agus 2023 é.

D'aontaigh mé leis an Ard-Rúnaí é agus tagann sé ar an bhfód ag am tábhachtach agus tionchar phaindéim COVID-19 agus Brexit á gcur san áireamh ann. Ní mór dúinn díriú anois ar sheasmhacht a thógáil ar fud fiontar lena chinntiú go dtagann an geilleagar agus an tsochaí ar ais chucu féin go hiomlán i ndiaidh na paindéime. Ag an am céanna, leanfaimid orainn ag neartú cearta fostaíochta agus ag tacú leis na prionsabail a bhaineann le saorfhiontraíocht fhreagrach agus le hiomaíocht chóir.

Tá sé lárnach sa mhisean atá againn féachaint chuige go seasfaidh an geilleagar agus an tsochaí an aimsir i dtaca leis an dá aistriú i dtreo geilleagar inbhuanaithe ísealcharbóin agus dlús a chur leis an digitiú. Tá ár gcaidrimh idirnáisiúnta ríthábhachtach mar gheilleagar beag oscailte agus leanfaimid orainn ag cothú caidrimh dhlútha, chomhthairbheacha ar fud an domhain agus ag cur leis an tionchar atá againn san Aontas Eorpach.

Tá muinín agam as caighdeán agus as tiomantas fhoireann na Roinne gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sa tréimhse amach romhainn. In éineacht le mo chomhghleacaithe; an tAire Stáit Robert Tory, TF agus an tAire Stáit Damien English TD, táim ag súil le hobair go dlúth leis an Ard-Rúnaí agus le foireann na Roinne agus le hOifigí agus le Gníomhaireachtaí na Roinne chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.




**An Dr Orlaigh Quinn**
*Ard-Rúnaí, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta*

Tugtar achoimre sa Ráiteas Straitéise seo ar chonair shoiléir agus uaillmhianach le haghaidh na Roinne do na trí bliana amach romhainn. Leagtar amach ann an fhís, an misean agus na luachanna atá againn, chomh maith le sé sprioc ardleibhéil chun na tosaíochtaí atá leagtha amach dúinn i gClár an Rialtais, ***Ár dTodhchaí Chomhroinnte***, agus na freagrachtaí nua a leagadh ar an Roinn seo, lena n-áirítear cearta fostaíochta agus cur chun cinn na trádála, a bhaint amach. Tá na cuspóirí atá againn uaillmhianach agus tá siad leagtha amach i gcomhthéacs na ndúshlán reatha a bhaineann le Brexit, COVID-19 agus forbairtí domhanda atá ar siúl.

Bainfimid na cuspóirí atá againn amach le pleanáil mhionsonraithe gnó atá leagtha amach ag an Roinn agus trí Oifigí agus trí Ghníomhaireachtaí na Roinne inár bpleanáil bhliantúil gnó. Déanfaidh an Bord Bainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le soláthar lena chinntiú go gcuirfear an straitéis seo i bhfeidhm go hiomlán.

Táimid dírithe ar sheirbhísí ardchaighdeáin, freagrúla agus ábhartha a sholáthar ar mhaithe lenár bpáirtithe leasmhara ar fad. Mar chuid dár bpleanáil don Straitéis seo, d'iarramar ionchur ó réimse leathan páirtithe leasmhara, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a rinne aighneachtaí, rud a chabhraigh go mór linn.

Oibreoimid i gcomhar le comhghleacaithe ar fud an Rialtais, ionadaithe gnó, fostóirí agus oibrithe, páirtithe leasmhara eile agus ag leibhéal an AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Tá ár bhfoireann an-tábhachtach agus cinnteoidh a dtiomantas go mbainfear an misean agus na cuspóirí uaillmhianacha atá againn amach thar thréimhse na straitéise.



## Fís

Beidh Éire ar an áit is fearr le bheith rathúil sa ghnó ar fud gach réigiúin sa tír, ina mbeidh fiontair bhríomhara, níos mó fostaíocht ardchaighdeáin, trádáil atá ag méadú, áiteanna oibre cothroma agus táirgiúlacht níos airde.

## Luachanna

Mar Roinn, cothaímid cultúr freagrachta, éifeachtúlachta, nuálaíochta agus luach ar airgead, cultúr atá fréamhaithe in éiteas seirbhíse poiblí a bhaineann le neamhspleáchas, comhionannas, macántacht, neamhchlaontacht, oscailteacht, dínit agus meas.  Mar Státseirbhísigh, tacaímid leis na caighdeáin is airde ghairmiúlachta, ionracais, oibiachtúlachta agus cháilíochta, caighdeáin atá lárnach i gcomhlíonadh na ról atá againn maidir le freastal ar an Rialtas, ar an gcóras daonlathach agus ar an bpobal.

## Misean

Beimid i gceannas ar fhorbairt agus ar théarnamh inbhuanaithe geilleagrach ach fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú ar fud réigiúin na tíre seo ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- tacú le fiontraíocht
- bonn iomaíoch gnó a chinntiú chun obair, fiontraíocht, nuálaíocht agus infheistíocht a spreagadh
- ceangail dhomhanda a neartú agus trádáil a chur chun cinn
- margaí córa agus iomaíocha a chur chun cinn, dea-chleachtas gnó
- chomh maith le háiteanna sábháilte, solúbtha agus cothroma oibre trí obair rialála agus forfheidhmithe na Roinne agus a cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí

# Réamhrá

Tugann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta comhairle i dtaca le polasaithe an Rialtais maidir le hacmhainn tháirgiúil an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú a chumasaíonn cruthú fostaíochta agus inbhuanaitheacht, agus cuireann an Roinn i bhfeidhm iad. Tá sé de dhualgas ar an Roinn freisin iomaíocht chóir a chur chun cinn sa mhargadh, agus tomhaltóirí agus oibrithe a chosaint. Clúdaíonn cúram na Roinne réimse leathan gníomhaíochta trína cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí, lena n-áirítear:

- Bheith i gceannas maidir le cabhrú le fiontraithe agus le gnólachtaí fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú i ngach réigiún sa tír, ach bonn láidir dúchasach fiontraíochta a fhorbairt, rud a mheallfaidh Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus a mhéadóidh trádáil.
- Fostaíocht ardchaighdeáin, caidreamh dearfach san áit oibre, córas um réiteach díospóidí a oibríonn go maith agus timpeallacht shábháilte oibre a chur chun cinn.
- Cultúr láidir fiontraíocht a chruthú.
- Cúnamh a thabhairt d'fhiontair lena riachtanais taighde agus forbartha chun poist nua a choinneáil agus a chruthú agus cabhrú le sochaí níos fearr a thógáil.
- Riachtanais scileanna na fiontraíochta sa todhchaí a aithint agus obair a dhéanamh ar fud an Rialtais chun polasaithe a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais seo, uasoiliúint san áireamh.
- Bheith i gceannas ar chur chuige uile-Rialtais chun timpeallacht iomaíoch le haghaidh infheistíochta, táirgiúlachta agus poist inbhuanaithe a fhorbairt.
- Cinnte a dhéanamh de go n-éascaíonn rialáil gnó infheistíocht agus forbairt, iomaíochas sa mhargadh, ardchaighdeáin maidir le cosaint tomhaltóirí agus rialachas corparáideach, agus go dtugann sí buntáiste iomaíoch d'Éirinn sa mhargadh domhanda.
- Ag obair go huaillmhianach ar fud an Rialtais le páirtithe AE agus idirnáisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh i bhfóraim AE agus Idirnáisiúnta, i dtaca le réimse leathan leasanna, lena n-áirítear Brexit.

Forbraíodh an straitéis seo tar éis athruithe a rinneadh ar fheidhmeanna na Roinne mar gheall ar bhunú an Rialtais nua.  Aistríodh cur chun cinn na trádála ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus aistríodh cúram na gceart fostaíochta ón Roinn Coimirce Sóisialaí.  Ghlac an Roinn le freagracht as an ngrúpa Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr ón Roinn Dlí agus Cirt agus as na Dearbháin Trádála ar Líne ón Roinn Aeráide, Cumarsáide agus Comhshaoil.

Ina theannta sin, aistríodh feidhmeanna áirithe taighde agus nuálaíochta ón Roinn chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.  Cuirtear san áireamh sa straitéis seo na tosaíochtaí agus na tiomantais a luaitear i gClár an Rialtais, ***Ár dTodhchaí Chomhroinnte***.

Ní sheasann an straitéis as féin. Beidh ról tábhachtach ag roinnt polasaithe agus straitéisí gaolmhara maidir leis na cuspóirí a chur chun cinn, lena n-áirítear an Plean Náisiúnta Geilleagrach, creat geilleagrach do na cúig bliana amach romhainn chun téarnamh geilleagrach a chur chun cinn, chomh maith leis na hathbhreithnithe ar an bPlean Náisiúnta Forbartha agus ar an gCreat Náisiúnta Pleanála.

Chomh maith le COVID-19, forbraíodh an straitéis nuair a chaithfimid dul i ngleic le himeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus le cur i gcrích an chaidrimh thrádála amach anseo freisin. Tá ár gceangal le clár an AE agus ár gceangal idirnáisiúnta ríthábhachtach do chruth ár gcláir intíre.  Déanfaimid obair ag leibhéal AE maidir le polasaí agus rialáil atá ar son na fiontraíochta, na trádála agus an tomhaltóra agus a chuireann geilleagar a thacaíonn leis an nuálaíocht chun cinn i réimsí an ardáin dhigitigh agus pholasaí agus rialáil na hintleachta saorga.

Tá sé an-tábhachtach dúinn dul i ngleic leis an athrú aeráide agus ní mór dúinn an Comhaontú Glas don Eoraip a thuiscint. Tá polasaithe ríthábhachtacha sa chomhaontú seo atá dírithe ar astaíochtaí a laghdú agus ar chinnte a dhéanamh de go mbeidh geilleagar an AE inbhuanaithe.  Is féidir linn é seo a dhéanamh ach dúshláin aeráide agus chomhshaoil a athrú ina ndeiseanna ar fud gach réimse polasaí, rud a chruthóidh fás geilleagrach agus poist. Forbraítear an straitéis seo i gcomhthéacs an róil atá againn maidir le hobair a dhéanamh ar son Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn i réimsí amhail an fhostaíocht, timpeallachtaí sábháilte oibre, nuálaíocht a chothú agus cuideachtaí a spreagadh le glacadh le cleachtais inbhuanaithe agus tuairisc a thabhairt orthu.

Cuireann comhairliúchán deis ar fáil chun bonn eolais a chur faoi pholasaí tábhachtach agus tionchar a imirt air agus ina thaobh seo, déanfaimid teagmháil le páirtithe leasmhara go fóill chun freagairtí polasaí do na ceisteanna agus na dúshláin atá le sárú ag an Roinn agus a cuid páirtithe leasmhara a aithint, a thuiscint agus a fhorbairt.

# Treoirphrionsabail

I dtimpeallacht dhinimiciúil, ar fud an domhain agus sa bhaile, tabharfaidh cúig phrionsabal uileghabhálacha treoir dúinn, a leathfaidh ar fud gach rud a dhéanfaimid thar théarma ár Straitéise:

### *Téarnamh agus Seasmhacht*

Díreoimid go príomha ar théarnamh geilleagrach ó COVID-19, agus ar na bunchlocha a leagan le haghaidh fás inbhuanaithe ina mbíonn páirtithe difriúla páirteach agus atá cothrom ó thaobh na réigiún de.

Is é an phríomh-uaillmhian atá againn filleadh ar leibhéil réamhghéarchéime fostaíochta de 2.36 milliún duine ag obair faoi dheireadh 2023 - chiallódh sé seo go mbeadh níos mó daoine ná riamh ag obair.

Lorgóimid cumasóirí chun gnó agus fostaíocht a fhás agus déanfaimid iarracht bacainní a bhaint ar fud gach aonad gnó sa Roinn. Tá gach post an-tábhachtach dár bhfís maidir le fostaíocht iomlán inbhuanaithe agus caighdeáin níos airde mhaireachtála a chur ar fáil i ngach réigiún sa tír. Cinnteoimid go dtugtar cúnamh do gach fiontar lena gcuid iarrachtaí le bheith níos táirgiúla, nuálacha, iomaíche agus seasmhaí.

### *Cearta Fostaíochta a Neartú agus Seasamh leo*

Cinnteoimid go seasfar le cearta fostaíochta agus go neartófar iad, agus aithneoimid go bhfuil claochlú thapa romhainn; cuirfimid pá níos fearr agus fostaíocht níos sábháilte chun cinn agus; tacóimid le cothromaíocht oibre is saoil agus le comhionannas inscne.

### *Fiontraíocht a Sheasfaidh an Aimsir*

Tá Éire tiomanta do laghdú 7% ar an meán sa bhliain ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó 2021 go dtí 2030 (laghdú 51% i gcaitheamh na ndeich mbliana) agus tá sí tiomanta freisin d'astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050.

Cinnteoimid go mbeidh ról ag an bhfiontraíocht chun na cuspóirí náisiúnta seo a bhaint amach. Le bheith iomaíoch agus inbhuanaithe san fhadtéarma, ní mór do gach gnólacht a bheith nuálach. Beidh nuálaíocht lárnach dár misean, maidir le claochlú gnó agus digitiú leanúnach an gheilleagair a chur chun cinn, agus trínár modh oibre féin mar Roinn.

### *Caidrimh a mBíonn Tionchar acu ar Chúrsaí*

Mar gheilleagar beag oscailte, bhain tábhacht lenár gcaidrimh ar fud an domhain i gcónaí. Agus muid ag tabhairt faoin Straitéis seo, ba mhaith linn caidreamh dlúth agus comhthairbheach a chothú lenár gcomharsa is gaire dúinn, an Ríocht Aontaithe, agus cur lenár gceangail san AE agus ar fud an domhain.

Chun an fhís atá againn maidir le gnó agus fás ionchuimsitheach fostaíochta a bhaint amach, beimid réamhghníomhach inár rannpháirtíochtaí intíre ar fud chóras an Rialtais agus lenár bpáirtithe leasmhara.

### *Fiontraíocht Fhreagrach*

Leanfaimid orainn ag tacú leis an bprionsabal a bhaineann le gnólachtaí ag oibriú go freagrach sa bhaile agus thar lear; lena n-áirítear na daoine a fhostaíonn siad agus lena n-oibríonn siad; an pobal ina bhfuil siad i mbun gnó; na custaiméirí lena ndéanann siad teagmháil; agus an timpeallacht ar a n-imríonn siad tionchar. Leanfaimid orainn ag tógáil timpeallacht rialála chun iompar dearfach agus freagrach a threisiú. Mar Roinn, tabharfaimid ceannaireacht le dea-shampla.

# Na Cuspóirí Straitéiseacha atá againn

***Cuspóir 1:*** *Téarnamh láidir agus forbairt inbhuanaithe gheilleagrach a bhaint amach trí fhás gnó agus fás post, seasmhacht agus nuálaíocht.*

***Cuspóir 2:*** *Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist níos sábháilte agus comhionannas inscne san áit oibre.*

***Cuspóir 3:*** *Ár dtimpeallacht rialála ghnó agus tarraingteacht na hÉireann mar áit chun gnó a dhéanamh a fheabhsú.*

***Cuspóir 4:*** *Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a neartú agus cur leo ar bhealach cóir agus inbhuanaithe a thacaíonn le hardchaighdeáin saothair, agus an geilleagar uile-oileáin a fhás tuilleadh.*

***Cuspóir 5:*** *An t-aistriú glas san fhiontraíocht a chur chun cinn, agus ár dtiomantais maidir le gníomhú ar son na haeráide á gcomhlíonadh againn.*

***Cuspóir 6:*** *Roinn nuálach agus shofhreagrúil a thógáil ina gcuireann éiteas láidir seirbhíse poiblí feidhmiú éifeachtach agus freagrach polasaí chun cinn.*






# Cuspóir 1: Téarnamh láidir agus forbairt inbhuanaithe gheilleagrach a bhaint amach trí fhás gnó agus fás post, seasmhacht agus nuálaíocht.

## *Conas a bhainimid é seo amach*

- Cabhrú le gnólachtaí inmharthana teacht chucu féin tar éis thionchair gheilleagracha COVID-19 agus Brexit agus freagairt do na tionchair seo. Cabhrú leo freisin aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin, forbairt teicneolaíochta agus digitithe.
- Polasaithe a fhorbairt lenár ngníomhaireachtaí fiontraíochta chun poist a chruthú, táirgiúlacht a mhéadú, bainistíocht agus ceannaireacht láidir, agus claochlú a chur chun cinn in earnálacha trádála áitiúla atá dian ar fhostaíocht, agus díreofar ar an aeráid, ar an digitiú agus ar scileanna.
- Tacú le fás na hÉireann mar áit le haghaidh Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, agus trí infheistíochtaí reatha a fhás agus a chlaochlú.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Straitéise náisiúnta um Chianobair chun buntáistí geilleagracha, sóisialta agus timpeallachta a uasmhéadú agus deiseanna a chur ar fáil i dtaca le forbairt chothrom réigiúnach.
- Sruthanna oibre fiontraíochta, a leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Geilleagrach, a chur i bhfeidhm agus na Pleananna Réigiúnacha Fiontraíochta a athnuachan.
- Cabhrú le FMBanna dul i mbun gnó, méadú agus rochtain a bheith acu ar mhargaí idirnáisiúnta, agus táirgiúlacht, cothromaíocht réigiúnach agus an t-aistriú i dtreo geilleagar digiteach agus glas a uasmhéadú.
- Polasaí agus creat náisiúnta cnuasaithe a fhorbairt chun acmhainneacht an chnuasaithe maidir le forbairt gnó a chur chun cinn a uasmhéadú, agus chun comhoibriú idir cuideachtaí ilnáisiúnta agus FMBanna dúchasacha a chur chun cinn.
- Rochtain fheabhsaithe ar mhaoiniú le haghaidh FMBanna, lena n-áirítear micreamhaoiniú, ráthaíocht iasachta, agus caipiteal síl agus fiontair.
- Claochlú digiteach an tionscail déantúsaíochta a spreagadh le mol iomaíoch atá bunaithe ar an nuálaíocht a bhaint amach ag teorainn an cheathrú réabhlóid tionsclaíochta.
- Bheith i gceannas ar fheidhmiú trasrialtais na Straitéise Náisiúnta um Intleacht Shaorga ag a bhfuil sé mar aidhm deiseanna socheacnamaíocha a bharrfheabhsú agus aird a thabhairt ar bhreithnithe eiticiúla agus sochaíocha.
- Cabhrú le bonn fiontraíochta na hÉireann rochtain a fháil ar thallann ó thíortha thar lear trí pholasaí freagrúil agus láidir um imirce eacnamaíoch.

## *Toradh*

***Téarnamh geilleagrach, agus 2.36 milliún duine ar a laghad ag obair, agus timpeallacht iomaíoch agus fhabhrach mar bhonn faoi, timpeallacht ina bhfuil bonn seasmhach, nuálach agus táirgiúil fiontraíochta a chuireann fostaíocht chun cinn i ngach réigiún, go háirithe i gcomhthéacs COVID-19 agus Brexit, claochlú digiteach agus forbairtí domhanda eile.***



## Cuspóir 2: Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist níos seasmhaí agus comhionannas inscne san áit oibre a chur chun cinn.

### *Conas a bhainimid é seo amach*

- Cinntiú go mbíonn reachtaíocht maidir le cearta fostaíochta, lena n-áirítear dócmhainneacht agus iomarcaíocht, oiriúnach don fheidhm agus go n-uasdátaítear í chun forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag leibhéal an AE, na Cúirte Breithiúnais agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair san áireamh, a léiriú.
- Scéim inacmhainne maidir le pá breoiteachta reachtúil a thabhairt isteach in Éirinn, a chuirtear le chéile i gcomhar le ceardchumainn agus grúpaí fostóirí.
- Caidreamh dearfach san áit oibre, córas um réiteach díospóidí a oibríonn go maith agus forfheidhmiú láidir na gceart fostaíochta a sholáthar.
- Cinntiú go soláthraíonn an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an Chúirt Oibreachais seirbhís den chéad scoth maidir le caidreamh san áit oibre agus creat um chearta fostaíochta.
- Cinntiú, tríd an tSeirbhís um Breithniú Conarthaí Foirgníochta, gur féidir le fochonraitheoirí díospóidí pá a réiteach go sciobtha.
- Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Pá Maireachtála thar shaolré an Rialtais agus maoirseacht a dhéanamh ar phá earnála a shocrú in earnálacha áirithe geilleagracha.
- Tacaíocht a chur ar fáil don Choimisiún um Pá Íseal.
- Cinntiú go bhfuil réimeas láidir agus éifeachtach um Shábháilteacht agus Shláinte Ceirde i bhfeidhm le haghaidh oibrithe agus go gcabhraíonn sé le fostóirí gnólachtaí sábhailte, táirgiúla agus iomaíocha a oibriú, lena n-áirítear Prótacal Sláinte agus Sábháilteacha COVID-19.
- Trí Bhord Naisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, bheith i gceannas ar Straitéis nua Creidiúnaithe d'Éirinn a fhorbairt, agus obair a dhéanamh chun comhlachtaí atá ag obair i réimse na cibearshlándáila agus na cosanta sonraí a thabhairt laistigh den chreat rialála agus aird á tabhairt ar mhandáid leathnaithe na Straitéise seo.
- Cinntiú go bhfuil creat láidir rialála um cheimiceán i bhfeidhm ach a bheith i gceannas ar fud an Rialtais agus obair a dhéanamh le hearnáil na tionsclaíochta.
- Obair le hÚdaráis Áitiúla lena chinntiú go bhforbraítear an ceadúnú nua um Shubstaintí Contúirteacha agus an réimeas forfheidhmithe ina leith agus go gcuirtear i bhfeidhm iad.

### *Toradh*

***Creat polasaí, reachtach agus institiúideach a chumasaíonn fostaíocht ardchaighdeáin, caidreamh tionsclaíoch maith agus timpeallachtaí sábháilte oibre, agus cuidiú le geilleagar láidir agus sochaí chothrom, cothromaíocht a aimsiú idir solúbthacht agus slándáil agus cosaint a chur ar fáil do gach fostaí ar an gcaoi sin.***



## Cuspóir 3: Ár dtimpeallacht rialála ghnó agus tarraingteacht na hÉireann mar áit chun gnó a dhéanamh a fheabhsú.

### *Conas a bhainimid é seo amach*

- Anailís agus forbairt a dhéanamh ar mholtaí polasaí maidir le hiomaíochas agus feidhmíocht táirgiúlachta an gheilleagair, lena n-áirítear moltaí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta.
- Réimeas forásach um Maoin Intleachtúil a spreagann fás geilleagrach ach nuálaíocht agus cruthaitheacht a spreagadh ar fud na sochaí agus atá freagrúil do dhúshláin agus do dheiseanna an gheilleagair dhigitigh.
- Cinntiú go bhfuil polasaí agus reachtaíocht chorparáideach agus rialála freagrúil do dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus go léiríonn siad é chun fiontar agus fiontraíocht a éascú agus fostaithe, baill, creidiúnaithe agus tomhaltóirí a chosaint le cosaintí cuí.
- Moltaí a fhorbairt chun na costais a bhaineann le gnó a dhéanamh a laghdú, lena n-áirítear an margadh árachais a athchóiriú.
- Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú mar ghníomhaireacht neamhspleách um fhorfheidhmiú corparáideach.
- Ceangail láidre a choinneáil idir an fhiontraíocht agus earnáil an ardoideachais lena chinntiú go mbaintear riachtanais scileanna an ghnó sa todhchaí amach, uasoiliúint san áireamh.
- Obair a dhéanamh i gcomhar le comhghleacaithe ar fud an Rialtais go fóill agus teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara lena chinntiú go n-oibríonn ár réimeas cánachais do gach gnólacht, idir thrádálaithe aonair, FMBanna áitiúla agus chuideachtaí ilnáisiúnta.
- Rialáil éifeachtach gnó agus ualaí laghdaithe riaracháin a chinntiú, gan an bonn a bhaint de spriocanna polasaí na rialála agus na cosaintí a chuirtear ar fáil, trí pholasaí a fhorbairt atá fianaisebhunaithe agus a bhaineann úsáid as Tástáil FMB, comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus anailís tionchair.

### *Toradh*

***Timpeallacht ghnó a éascaíonn infheistíocht agus forbairt, iomaíochas sa mhargadh, agus ardchaighdeáin maidir le cosaint tomhaltóirí***

# Cuspóir 4: Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a neartú agus cur leo ar bhealach cóir agus inbhuanaithe a thacaíonn le hardchaighdeáin saothair, agus an geilleagar uile-oileáin a fhás tuilleadh.

## *Conas a bhainimid é seo amach*

- Obair a dhéanamh le páirtithe AE agus idirnáisiúnta chun comhghuaillíochtaí a thógáil agus a neartú chun polasaithe, rialacháin agus comhaontaithe idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn ag a mbíonn tionchar ar thimpeallacht gheilleagrach agus ghnó na hÉireann a mhúnlú.
- Bheith ar son Comhaontaithe nua Saorthrádála de chuid an AE agus leas a bhaint as Comhaontaithe atá ann chun trádáil na hÉireann a chur isteach i margaí nua.
- Cinnte a dhéanamh de go dtacaíonn seasamh na hÉireann ar gach margadh trádála leis an aistriú go geilleagar domhanda inbhuanaithe, aidhmeanna Chomhaontú Aeráide Pháras san áireamh.
- Obair a dhéanamh ar fud an Rialtais agus le páirtithe AE chun bacainní trádála a aithint agus a bhaint, go háirithe i seirbhísí, chun Margadh Aonair AE a oibríonn i gceart a fháil ar mhaithe lenár gcuid onnmhaireoirí, gnólachtaí agus tomhaltóirí eile.
- Bheith ar son polasaí agus rialachán ag leibhéal an AE a chuireann geilleagar digiteach a thacaíonn leis an nuálaíocht chun cinn.
- Cabhrú le fiontair dul isteach i margaí idirnáisiúnta agus leas a bhaint astu agus dul isteach i margaí nua.
- Obair a dhéanamh lenár gcuid gníomhaireachtaí mar chuid d'Fhoireann na hÉireann chun onnmhairí na hÉireann a chur chun cinn agus aird a tharraingt ar tharraingteacht na tíre le haghaidh infheistíochta agus nuálaíochta, chun leas a bhaint as athruithe domhanda ar mhúnlaí gnó agus ar theicneolaíochtaí bunathraitheacha atá ag teacht chun cinn agus an chéad rabharta eile de theicneolaíocht agus de ghníomhaíocht ghnó a mhealladh.
- Comhairle na Trádála Onnmhairiúcháin a athchóiriú agus údarás a thabhairt di arís agus Coimisiúin Chomhpháirteacha Gheilleagracha a chur chun cinn.
- Straitéis nua náisiúnta maidir le Trádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht a fhorbairt, lena n-áirítear struchtúir rialachais.
- Measúnú geilleagrach agus inbhuanaitheachta a dhéanamh ar chomhaontú trádála an AE/Mercosur chun bonn eolais a chur faoi ghníomh amach anseo.
- Forfheidhmiú dian srianta onnmhairiúcháin agus smachtbhanna trádála a chinntiú, chun tacú le slándáil dhomhanda agus le cearta an duine.
- Slabhraí tábhachtacha soláthair in Éirinn a neartú chun trádáil thrasteorann a fhorbairt, agus deiseanna comhoibrithe a chothú i gcomhthéacs Oileán Comhroinnte.
- Obair a dhéanamh i gcomhpháirt leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit an AE lena chinntiú gurb é an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) croílár córais trádála atá domhanda, bunaithe ar rialacha agus iltaobhach, chun sainchúraim maidir le hidirbheartaíocht, socrú díospóidí, acmhainn na trádála a fhorbairt agus for-rochtain a bhaint amach.
- Bheith i gceannas ar theagmháil na hÉireann le Comhairle na hEorpa maidir le Cairt Shóisialta na hEorpa agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, agus a gcláir fhadréimseacha a chomhordú ar fud an Rialtais agus béim á cur ar an bhfostaíocht agus ar chaighdeáin mhargadh an tsaothair.

## *Toradh*

***Deiseanna nua fiontraíochta i ngeilleagair uile-oileáin, i dtrádáil agus in infheistíocht idirnáisiúnta, agus cineálacha méadaithe agus nua infheistíochtaí IDE. Ionadaíocht láidir á déanamh d'Éirinn go hidirnáisiúnta agus mar chuid de chlár straitéiseach an AE le haghaidh gnó, tomhaltóirí agus fostaithe.***



# Cuspóir 5: An t-aistriú glas san fhiontraíocht a chur chun cinn, agus ár dtiomantais maidir le Gníomhú ar son na hAeráide á gcomhlíonadh againn.

### *Conas a bhainimid é seo amach*

- Obair a dhéanamh ar son uaillmhian na hÉireann chun neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoin mbliain 2050 ach polasaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun sprioc na fiontraíochta sna Pleananna bliantúla um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach chun carbón a laghdú.
- Beartas airgeadais agus teicniúla a thabhairt isteach chun cabhrú le hearnáil na tionsclaíochta agus chun tacú lena hiomaíochas agus í ag dul i dtreo cleachtas níos inbhuanaithe comhshaoil.
- Rannpháirtíocht fiontraíochta i slabhraí breisluacha an AE le haghaidh Tionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne a spreagadh le teicneolaíochtaí a fhorbairt chun astaíochtaí carbóin a laghdú.
- Áireamhán carbóin ar líne a fhorbairt le haghaidh gnólachtaí chun cabhrú leo laghdú astaíochtaí carbóin a phleanáil.
- Forbairt chaighdeáin nua AE agus dhomhanda a chur chun cinn.
- Gníomhú ar son na haeráide a dhaingniú i bpolasaithe agus i gcláir Roinne agus cinntiú go léirítear i bhfeidhmiú polasaí agus cláir na ngníomhaireachtaí ar fad é.
- Straitéisí an gheilleagair chiorclaigh agus dhiomailte a léiriú i bhforbairtí Éicidhearthóireachta, táirgthe agus táirgí.
- Obair a dhéanamh ar son Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, bheith i gceannas ar shé sprioc SFI agus freagracht a roinnt as dhá sprioc eile i réimsí amhail an fhostaíocht, timpeallachtaí sábháilte oibre, nuálaíocht a chothú agus cuideachtaí a spreagadh le glacadh le cleachtais inbhuanaithe agus tuairisc a thabhairt orthu.
- Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla maidir le hastaíochtaí a laghdú san eagraíocht ach leanúint ar aghaidh le Tionscnaimh na Foirne Glaise, tionscadail choigilte fuinnimh a chur i bhfeidhm agus Cultúr Glas a dhaingniú sa Roinn níos mó. Leanúint ar aghaidh le bheith ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) go háirithe i réimsí an chaomhnaithe fuinnimh, na giniúna dramhaíola agus na bithéagsúlachta.

### *Toradh*

***Ailíniú le Comhaontú Glas don Eoraip agus le sprioc an Rialtais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 7% faoi 2030, agus geilleagar glan-nialasach a bhaint amach faoi 2050, agus tionchar iomaíochais á íoslaghdú agus deiseanna fáis sa gheilleagar glas á gcothú ag an am céanna.***

# Cuspóir 6: Roinn nuálach agus shofhreagrúil a thógáil ina gcuireann éiteas láidir seirbhíse poiblí feidhmiú éifeachtach agus freagrach polasaí chun cinn.

### *Conas a bhainimid é seo amach*

- Straitéis Nuálaíochta a fhorbairt chun an 'Dearbhú maidir le Nuálaíocht na Seirbhíse Poiblí' a chur i bhfeidhm agus ár bhfoireann a spreagadh le bheith nuálach sna róil atá acu, comhpháirtíochtaí nua a chothú agus dearcthaí éagsúla a chur san áireamh nuair a bhíonn seirbhísí á ndearadh agus á soláthar.
- Straitéis tacaíochta acmhainní daonna (AD) a choinneáil agus infheistíocht a dhéanamh san fhoghlaim agus i bhforbairt gairme chun cur ar chumas gach ball foirne fás agus forbairt.
- Ár straitéis TFC a chur i bhfeidhm chun réitigh agus seirbhísí seasmhacha, sábháilte agus inscálaithe a chur ar fáil, rud a chuirfidh barr feabhais ar eispéireas an úsáideora agus an tsaoránaigh.
- Tionscnaimh folláine a dhéanamh sa Roinn agus tionscnaimh maidir le freagracht chorparáideach shóisialta a fhorbairt faoi Innovate@ETE.
- Plean Freagartha COVID-19 maidir le Filleadh ar an Obair a chur i bhfeidhm nuair is féidir.
- Clár Cianoibre a chur i bhfeidhm chun cabhrú le baill foirne cothromaíocht dhearfach oibre is saoil a bhaint amach, agus soláthar éifeachtach seirbhíse a choinneáil freisin.
- Tiomantas láidir don éagsúlacht agus do chomhionannas a chinntiú le haghaidh na foirne agus sna seirbhísí a chuirimid ar fáil mar Roinn, agus teagmháil á déanamh le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus ar aon dul le hAcht 2014.
- An luach is fearr ar airgead a chinntiú, chomh maith le caiteachas Roinne a ailíniú le tosaíochtaí polasaí, a bhfuil sonraí, fianaise agus measúnú láidir mar bhonn eolais fúthu.
- Barr feabhais a léiriú go fóill i rialachas corparáideach, rud a chuirfidh trédhearcacht ar fáil agus a chinnteoidh luach ar airgead.
- An Stráitéis nua atá againn maidir le Cumarsáid Dhigiteach a chur i bhfeidhm chun tacú le cumarsáid éifeachtach leis an bhfoireann, le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal.
- Cinntiú go gcloíonn comhlachtaí poiblí le hoibleagáidí chun foirgnimh agus seirbhísí a dhéanamh inrochtana ar aon dul le Cuid 3 den Acht um Míchumas 2005.
- An chóiríocht atá againn a chuíchóiriú agus a fheabhsú chun spás a bharrfheabhsú, féachaint chuige go seasfaidh ár bhfoirgnimh an aimsir agus coigiltí úsáid fuinnimh a bhaint amach.
- WTimpeallacht shábháilte agus shláintiúil oibre a chinntiú do gach ball foirne agus do gach cuairteoir ar an Roinn agus forálacha reachtúla a chomhlíonadh, trí Ráiteas Sábháilteachta agus Polasaí Sábháilteachta Roinne a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

### *Toradh*

***Roinn ag a bhfuil foireann nuálach, sholúbtha, fhreagrúil agus shofhreagrúil, rud a chinntíonn ardchaighdeáin i dtaca leis an tseirbhís phoiblí agus le rialachas corparáideach, agus acmhainní barrfheabhsaithe chun ár Straitéis, ár Misean agus ár Spriocanna a bhaint amach.***

# Rath a Thomhas agus an Straitéis seo a Chur i bhFeidhm

Cuireann Clár Eolais na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá le fáil enterprise.gov.ie, thart ar 60 táscaire geilleagrach i láthair ar fud réimsí na bpost, na fiontraíochta agus na nuálaíochta. Cuirtear achoimre ar shonraí na Ríochta Aontaithe agus Thuaisceart Éireann ar fáil freisin i gcomhthéacs béime ar Brexit agus ar na himpleachtaí atá leis ó thaobh thrádáil na hÉireann de. Faightear na sonraí ó fhoinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta, amhail an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Eurostat, chomh maith le hAonaid Ghnó ar fud na Roinne agus ár gcuid Gníomhaireachtaí agus Oifigí.

Cuirfidh na cuspóirí straitéiseacha, gníomhartha agus torthaí a dtugtar achoimre orthu sa Ráiteas Straitéise seo bonn eolais faoi phleananna bliantúla gnó agus riosca a chuireann gach réimse gnó ar fud an Rialtais le chéile agus léireofar sna pleananna seo iad freisin. Beidh spriocanna ar leith sna pleananna seo agus beifear ag súil go mbainfidh gach réimse gnó na spriocanna seo amach gach bliain. Ba chóir go gcinnteoidh comhiomlánú na spriocanna seo go mbaintear na tiomantais a luaitear sa Ráiteas amach. Caithfidh ceannasaithe gnó dul chun cinn ar phleananna gnó an aonaid a thuairisciú dhá uair sa bhliain. Tabharfar eolas sa Tuarascáil Bhliantúil ar an dul chun cinn a dhéantar gach bliain maidir leis na cuspóirí straitéiseacha agus na gníomhartha atá sa Ráiteas Straitéise seo.

Forbartha ag an Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta

**Eanáir 2021**